GX1011

OLLSCOIL na hÉIREANN, GAILLIMH
NATIONAL UNIVERSITY OF IRELAND, GALWAY
**SCRÚDUITHE AN DARA SEIMEASTAIR, 2000-2001**
SCRÚDÚ NA DARA DÁNA

TÍREOLAÍOCHT

TI 218 Tíreolaíocht na Tuaithe
Meáchan: **5 ECTS**

An Dr. D. Ó Rathaille
An Dr. Máire Nic Amhlaidh
Professor Ulf Strohmayer

Am ceadaithe: 3 uair a chloig
**Freagair <u>ceithre</u> cheist**

1. Tá leathnú sna hábhair faoi staidéar agus athrú sna módhanna staidéir mar chomhfhorbairt le teacht chun cinn Tíreolaíocht na Tuaithe mar shainbhrainse léinn ó na 1960í i leith. Pléigh go criticiúil.

2. "Is ábhar mór díospóireachta é sain-nadúr an fhrithuirbeachais"(Lewis, 1998). Pléigh, le tagairt a dhéanamh do phatrúin fhrithuirbeachais agus do na bunchúiseanna leo, i gcomhthéacs tíortha forbartha.

3. <u>Ceachtar de</u>
   (a) Céard atá ar intinn ag Grist (1999) nuair a deireann sí "go bhfuil an plean forbartha mar bhuncháipéis phleanála ag an údarás pleanála"?

   <u>Nó</u>
   (b) Is ionann éabhlóid soláthar seirbhísí faoin tuath in Éirinn, le trí dheicéad anuas, agus próiséas láraithe. Pléigh na torthaí a lean, le tagairt ar leith a dhéanamh do dhaonraí cheantair imeallacha.

4. Tá athstruchtúrú tábhachtach tarlaithe i dtalamhaíocht na hÉireann ó thus na 1990í i leith. Na príomhthionchair a mheas agus tagairt ar leith á dhéanamh do ché chomh fada agus atá athrú tarlaithe ó tháirgiúlacht go h-iartháirgiúlacht.

5. Tá rólanna nua á bhronnadh, ar chomhluchtaí beaga agus ar mheán mhéid, i ngineadh fostaíochta i gceantair tuaithe. Pléigh, ag léiriú do fhreagra le samplaí cuí.

6. Rinne Gillmor (1993, 1998) tagairt do "shárfhorbairt i bhforaoiseacht phríobháideach" in Éirinn. An fhianaise a mheas, le tagairt a dhéanamh do na bunchúiseanna.

7. <u>Ceachtar de</u>
   (a) Tá tábhacht nach beag tugtha don oidheacht nádúrtha agus don oidhreacht chultúrtha i gcur ar aghaidh na turasóireachta in Éirinn. Pléigh go criticiúil.
   <u>Nó</u>
   (b) Cé chomh fada agus is féidir a rá gur 'ghné atá tógtha' í an oidhreacht?

8. Tugann polasaithe forbartha tuaithe in Éirinn le deich mbliana anuas le fios go nglacann lucht a gcumtha 'go bhfuil tábhacht ag an tíreolaíocht'. An fhianaise ina leith seo a mheas.